Coimisiún na Meán

# Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne Tuarascáil Trédhearcachta

## An 1 Eanáir - an 31 Nollaig 2025

Public

# Clár

**Réamhrá** 3

**Gníomhaíochtaí le linn thréimhse 2025** 4

# Réamhrá

Leis an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne ("TCOR", nó "an Rialachán"), ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhísí óstála ("HSPanna") aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid na seirbhísí óstála a sholáthraíonn siad chun ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh.[1]

Le hábhar sceimhlitheoireachta tagraítear d'ábhar: lena ngríosaítear cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, i gcás inarb amhlaidh leis an ábhar sin a dhéantar, go díreach nó go hindíreach, amhail trí ghníomhartha sceimhlitheoireachta a ghlóiriú, cionta sceimhlitheoireachta a mholadh, agus a fhágann, dá bharr, baol ann go ndéanfaí cion amháin nó níos mó den sórt sin; lena n-iarrtar ar dhuine nó ar ghrúpa daoine cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó rannchuidiú leis sin a dhéanamh nó a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí grúpa sceimhlitheoireachta; lena soláthraítear teagasc maidir le pléascáin, airm thine nó airm eile nó substaintí díobhálacha nó guaiseacha a dhéanamh agus a úsáid, nó maidir le modhanna nó teicnící sonracha eile chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh nó rannchuidiú lena dhéanamh; nó ar bagairt é chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh.[2]

Ní mór do Bhallstáit an AE údaráis inniúla a cheapadh chun cúraimí faoi leith a dhéanamh faoin Rialachán ina ndlínse.[3] Is é Coimisiún na Meán ("an Coimisiún") údarás inniúil na hÉireann chun críocha Airteagail 12(1)(c) agus 12(1)(d) de TCOR chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart sonrach a dhéanann HSPanna de bhun Airteagal 5 agus chun pionóis a fhorchur ar HSPanna a sháraíonn an Rialachán de bhun Airteagal 18. Is é an Garda Síochána údarás inniúil na hÉireann chun críocha Airteagal 12(1)(a) agus 12(1)(b) chun orduithe baint anuas ábhair sceimhlitheoireachta a eisiúint de bhun Airteagal 3 agus grinnscrúdú a dhéanamh ar orduithe baint anuas ábhair sceimhlitheoireachta de bhun Airteagal 4.

***Tuarascálacha Trédhearcachta***

Ní mór d'údaráis inniúla tuarascálacha trédhearcachta bliantúla a fhoilsiú ar a gcuid gníomhaíochtaí faoin Rialachán de bhun Airteagal 8(1). Mar a leagtar amach in TCOR, ba cheart an méid a leanas a áireamh sa tuarascáil sin:

(a) an líon orduithe baint anuas a eisíodh faoi Airteagal 3, lena sonraítear an líon orduithe baint anuas faoi réir Airteagal 4(1), an líon orduithe baint anuas a ndearnadh grinnscrúdú orthu faoi Airteagal 4, agus faisnéis maidir le cur chun feidhme na n-orduithe baint anuas sin ag na soláthraithe seirbhísí óstála lena mbaineann, lena n-áirítear an líon cásanna inar baineadh anuas ábhar sceimhlitheoireachta nó inar díchumasaíodh rochtain air agus an líon cásanna nár baineadh anuas ábhar sceimhlitheoireachta nó nár díchumasaíodh rochtain air;

(b) an líon cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4), (6) nó (7), agus faisnéis maidir le cur chun feidhme na gcinntí sin ag soláthraithe seirbhísí óstála, lena n-áirítear tuairisc ar na bearta sonracha;

(c) an líon cásanna ina raibh orduithe baint anuas agus cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (6) faoi réir imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus faisnéis maidir le toradh na n-imeachtaí ábhartha;

(d) an líon cinntí lenar forchuireadh pionóis de bhun Airteagal 18, agus tuairisc ar an gcineál pionóis a forchuireadh.

Is í an tuarascáil seo tuarascáil trédhearcachta an Choimisiúin don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025.

[1] Ciallaíonn soláthraí seirbhísí óstála soláthraí seirbhísí mar a shainmhínítear i bpointe (b) d'Airteagal 1 de Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (14), arb é atá iontu stóráil na faisnéise arna soláthar ag soláthraí ábhair agus arna iarraidh sin dó.
[2] Tagair do TCOR, Airteagal 2(7) chun an sainmhíniú ina iomláine a fháil.
[3] Airteagal 12

# Gníomhaíochtaí le linn thréimhse 2025

**An líon cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4), (6) nó (7), agus faisnéis maidir le cur chun feidhme na gcinntí sin arna dhéanamh ag soláthraithe seirbhísí óstála, lena n-áirítear tuairisc ar na bearta sonracha;**

In 2025 chinn an Coimisiún go raibh dhá HSP neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta de bhun Airteagal 5(4): Pinterest Europe Limited agus WhatsApp Ireland Limited (i leith na gCainéal seirbhíse). Rinne an Coimisiún na cinntí sin i gcomhréir lena Chreat Choimisiún na Meán um Chinntí maidir le Neamhchosaint Soláthraithe Seirbhísí Óstála ar Ábhar Sceimhlitheoireachta. Tar éis na gcinntí sin, ceanglaíodh ar Pinterest Europe Limited agus WhatsApp Ireland Limited (i leith na gCainéal seirbhíse) an méid seo a leanas a dhéanamh: forálacha a áireamh ina gcuid téarmaí agus coinníollacha agus iad a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid a seirbhísí le hábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh ar an bpobal; bearta sonracha a dhéanamh chun a gcuid seirbhísí a chosaint ar ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh ar an bpobal; agus tuairisciú do Choimisiún na Meán maidir leis na bearta sonracha atá déanta acu agus a bheartaíonn siad a dhéanamh laistigh de thrí mhí ó na cinntí sin a fháil agus ar bhonn bliantúil ina dhiaidh sin.

Ní dhearnadh aon chinneadh de bhun Airteagail 5(6) nó 5(7) sa tréimhse thuairiscithe.

Maidir le cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4), fuair Coimisiún na Meán faisnéis maidir leis na bearta sonracha a rinne soláthraithe seirbhísí óstála agus a bheartaíonn siad a dhéanamh chun Airteagal 5(2) agus (3) a chomhlíonadh. Ar na samplaí de na bearta sonracha sin, tá an méid seo a leanas ach níl siad teoranta dó sin:

- Bearta teicniúla, amhail brathadóireacht agus scagadh uathoibríoch ábhair, aicmitheoirí agus haiseáil meaisínfhoghlama agus cosc ath-uaslódálacha.
- Bearta oibríochtúla, amhail foirne modhnóireachta ábhair, treoirlínte pobail, oiliúint modhnóirí agus láimhseáil achomharc agus gearán.
- Bearta bainistithe géarchéime, amhail foirne freagartha i gcás géarchéime, prótacail le haghaidh ábhar ardriosca agus conairí formhéadaithe.

**An líon cásanna ina raibh orduithe baint anuas agus cinntí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (6) faoi réir imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus faisnéis maidir le toradh na n-imeachtaí ábhartha;**

Ní raibh aon chinneadh a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 5(4) agus (6) faoi réir imeachtaí riaracháin nó athbhreithnithe bhreithiúnaigh sa tréimhse thuairiscithe.

**An líon cinntí lenar forchuireadh pionóis de bhun Airteagal 18, agus tuairisc ar an gcineál pionóis a forchuireadh.**

Níor forchuireadh aon phionós de bhun Airteagal 18 sa tréimhse thuairiscithe.